

Mhúineadh

TUAIRISC AR MHÚINEADH NA GAEILGE AMLÉ



Union of Students in Ireland
Aontas na Mac Léinn in Éirinn

FOILSITHE MÁRTA, 2021

RÉAMHRÁ

Is eagraíocht dhátheangach í Aontas na Mac Léinn in Éirinn (AMLÉ) a bhfuil 374,000 ball againn ar fud an oileáin. Tá polasaithe teanga ag an Aontas a chintíonn go mbeidh an Ghaeilge in úsáid ann agus go mbeidh sí feiceálach in aon fheachtas nó fhoilseacháin a scaiptear in ainm na heagraíochta.

Tá Leas-Uachtarán don Ghaeilge lán-aimseartha tofa san Aontas a thugann tacaíocht don Aontas ina iomlána chun an teanga a chur chun cinn. Tá sé mar sprioc ag AMLÉ an Ghaeilge a neartú, ní hamháin ag an tríú leibhéal ach ar fud an oileáin.

Tuigeann AMLÉ tábhacht na Gaeilge inár stair agus inár dtodhchaí, agus creideann gur chór go mbeadh ról lárnach ag an teanga sa phobal ag leibhéal áitiúil agus náisiúnta. Déanann AMLÉ neart oibre ar réimsí éagsúla a bhaineann leis an nGaeilge ó thaobh oideachais agus cur chun cinn na teanga de.

Tá gá le taighde rialta a dhéanamh ar thuairimí an phobail maidir le stádas na Gaeilge sa chóras oideachais, go háirithe agus pobal na Gaeilge ag lorg athchóirithe ar an teanga mar ábhar ón réamhscoil go dtí an tríú leibhéal. Bíonn scéalta sna meáin Bhéarla in Éirinn faoin nGaeilge a bheith mar ábhar roghnach don Ardteist agus luach na teanga mar ábhar scoil i gcoitinne. Trí taighde agus anailis a dhéanamh ar thuairim an phobail maidir leis an teanga, is féidir fianaise chrua a léiriú ar stádas na teanga sa chóras oideachais.

Taighde déanta ag Aoife Ní Dheisigh, Leas-Uachtarán don Ghaeilge AMLÉ 2018-2019. Taighde curtha le chéile agus tuairisc scríofa ag Clíodhna Ní Dhufaigh, Leas-Uachtarán don Ghaeilge AMLÉ 2019-2021.

CÚLRA AN TAIGHDE

Féachann an tuairisc seo ar thuairimí na mac léinn ar mhúineadh na Gaeilge sa chóras oideachais. Dírítear ar an mbealach a múintear na Gaeilge le linn na hArdteiste agus tugtar léargas ar a éifeachtaí is atá córas na Gaelscolaíochta cainteoirí cumasacha Gaeilge a chruthú.

Tuigtear áfach go bhfuil gá le tuilleadh taighde a dhéanamh ar an ábhar seo agus tuairimí a fháil maidir leis an nGaeilge sa chóras oideachais ón réamhscoil go dtí an tríú leibhéal agus go bhfuil gá le taighde ar chóras na ndíolúintí do pháistí a bhfuil riachtanais fhoghlama acu. Anuas air sin is gá féachaint ar an gcúrsa Gaeilge do na hábhair oide, go háirithe ag an mbunleibhéal.

Bailíodh an taighde seo idir mí Dheireadh Fómhair 2018 agus mí Eanáir 2019, agus ghlac 1,539 duine páirt sa suirbhé.

CUSPÓIR AN TAIGHDE:

- Fianaise a sholáthar ar an ngéarghá le hathchóiriú na Gaeilge sa chóras oideachais agus tuilleadh béime a chur ar an teanga labhartha sa seomra ranga.
- Léargas a thabhairt ar na heispéiris éagsúla atá ag an bpobal leis an nGaeilge sa chóras oideachais idir dhaoine a d'fhreastail ar scoileanna lán-Bhéarla, Gaelscoileanna lasmuigh den Ghaeltacht, agus scoileanna Gaeltachta.
- Solas a chaitheamh ar an mbéim a leagtar ar an nGaeilge mar ábhar scoile agus an bhéim a leagtar uirthi mar theanga bheo lasmuigh den seomra ranga.
- Measúnú a dhéanamh ar chumas na ndaltaí sa Ghaeilge tar éis na bunscoile agus tar éis na meánscoile.


FORLÉARGAS AR PHRÍOMHTHORTHAÍ:

- Dúirt 25% gur cuireadh béim shuntasach ar an nGaeilge mar ábhar scoile agus dúirt 9% nár cuireadh aon bhéim ar an nGaeilge agus iad ar scoil.
- Dúirt 54% nár cuireadh aon bhéim ar an nGaeilge mar theanga bheo lasmuigh den seomra ranga.
- Tar éis na bunscoile, mhothaigh 22% go raibh siad réasúnta líofa sa teanga agus shíl 15% go raibh siad líofa.
- Tar éis na meánscoile, mhothaigh 41% go raibh siad réasúnta líofa sa teanga agus shíl 21% go raibh siad líofa.
- Maidir leis an nGaeilge a bheith riachtanach ar scoil, cheap 67% gur cheart go mbeadh sí go hiomlán riachtanach agus cheap 26% gur cheart go mbeadh sí riachtanach go dtí an Teastas Sóisearach.
- Shíl 61% gur chuidigh na siollabais Ghaeilge le roinnt gnéithe d'fhoghlaim na teanga, agus shíl 33% nár chuidigh na siollabais le foghlaim na teanga ar chor ar bith.
- Bhí tuairim dearfach ag 72% de na freagróirí ar Ghaelscoileanna, as na daoine a d'fhreastail ar Ghaelscoil iad féin bhí tuairim dhearfach ag 94% acu siúd.
- Dúirt 77% go gcuirfidís a gcuid páistí chuig Gaelscoil dá mbeadh clann acu sa todhcháí

DÉIMEAGRAFAIC


Aoisghrúpaí

- 12-14, 0.19%
- 15-20, 56%
- 21-25, 29%
- 26-30, 6%
- 31-35, 2%
- 36+, 7%




Leibhéal Oideachais

- Gan cháilíocht go fóill, 3%
- PhD, 0.7%
- Céim Mháistreachta 8%
- Céim Bhaitsiléara 24%
- Dioplóma 3%
- Ardteist nó A-Leibhéal 57%
- Teastas Sóisearach nó GSCE 3%
- Eile 2%




Teanga Tí

- Labhraíodh Gaeilge an t-am ar fad 3%
- Labhraíodh Gaeilge an chuid is mó den am 2%
- Labhraíodh Gaeilge agus Béarla le chéile 9%
- Labhraíodh Béarla an chuid is mó den am 25%
- Labhraíodh Béarla an t-am ar fad 61%



Cúlra Oideachais

- Ghaelscoil taobh amuigh den Ghaeltacht 13%
- Ghaelscoil taoibh istigh den Ghaeltacht 8%
- Scoil lán-Bhéarla 79%



Rinne 87% de na freagróirí staidéar ar an nGaeilge ag an ard-leibhéal don Ardteist agus rinne 79% staidéar ar an teanga ag an ard-leibhéal don Teastas Sóisearach.

BÉIM AR AN NGAeilGE SA CHÓRAS OIDEACHAIS


An Ghaeilge mar ábhar scoile

Ar an iomlán shíl 25% gur cuireadh béim shuntasach ar an teanga mar ábhar scoile.

Dúirt 22% gur chuir roinnt múinteoirí béim ar an nGaeilge mar ábhar scoile.

Dúirt 44% gur caitheadh mar ghnáth-ábhar scoile í.

Dúirt 9% nár cuireadh mórán béime ar an nGaeilge ar scoil.



Scoileanna lán-Bhéarla

Ó na freagróirí a d'fhreastail ar scoil lán-Bhéarla (1,152 duine) dúirt 11% gur cuireadh béim shuntasach ar an nGaeilge mar ábhar scoile, 25% gur chuir roinnt múinteoirí béim uirthi, 54% gur caitheadh mar ghnáth-ábhar scoile í, agus 11% nár cuireadh aon bhéim ar an nGaeilge ar scoil.

Gaelscoileanna lasmuigh den Ghaeltacht


Maidir leis an mbéim ar an teanga mar ábhar scoile i scoileanna lán-Ghaeilge lasmuigh den Ghaeltacht, dár le 78% cuireadh béim shuntasach ar an nGaeilge mar ábhar. 13% a dúirt gur chuir roinnt múinteoirí béim ar an nGaeilge agus 9% gur caitheadh mar ghnáth-ábhar scoile í.

Scoileanna lán-Ghaeilge sa Ghaeltacht

As an 120 duine a d'fhreastail ar ghaelscoil sa Ghaeltacht, dúirt 75% gur cuireadh béim shuntasach ar an nGaeilge mar ábhar scoile, 14% gur chuir roinnt múinteoirí béim uirthi, 8% gur caitheadh mar ghnáthábhar scoile í agus 3% nár cuireadh aon bhéim uirthi .

AN GHAeilGE MAR THEANGA BHEO

- As na freagóirí uilig, dúirt 21% gur spreagadh iad maidir le labhairt /úsáid na Gaeilge taobh amuigh den rang sa scoil.
- Dúirt 25% gur spreag roinnt múinteoirí na daltaí maidir le labhairt/úsáid na Gaeilge taobh amuigh den rang.
- D'fhreagair 54% nár cuireadh béim ar an teanga taobh amuigh den rang ar chor ar bith.



Scoileanna lán-Bhéarla

As 1,152 dalta a d'fhreastail ar scoil lán-Bhéarla mhothaigh 5% gur cuireadh béim ar an nGaeilge mar theanga bheo lasmuigh den seomra ranga, 28% a dúirt gur leag roinnt múinteoirí béim ar an teanga bheo agus dúirt 67% nár cuireadh aon béim ar úsáid nó labhairt na teanga lasmuigh den scoil.

Gaelscoileanna lasmuigh den Ghaeltacht

Dúirt 80% de na freagróirí a d'fhreastail ar Ghaelscoil gur spreagadh iad ó thaobh úsáid agus labhairt na Gaeilge lasmuigh den seomra ranga, 13% a dúirt gur chuir roinnt múinteoirí béim ar an teanga bheo, agus 7% nár cuireadh aon béim ar úsáid na teanga lasmuigh den scoil.

Scoileanna lán-Ghaeilge sa Ghaeltacht


As na freagróirí a d'fhreastail ar scoil lán-Ghaeilge sa Ghaeltacht shíl 73% gur spreagadh iad leis an teanga a úsáid lasmuigh den scoil, 22% a dúirt gur chuir roinnt múinteoirí béim uirthi mar theanga bheo, agus 6% nár cuireadh aon béim ar labhairt/úsáid na teanga lasmuigh den scoil.

Siollabais agus Cumas sa teanga

Féachann an chuid seo den tuairisc ar chaighdeán mhúineadh na Gaeilge sa bhunscoil agus sa mheánscoil agus cé chomh héifeachtach is atá na siollabais le líofacht sa teanga a chothú. Cuireadh ceisteanna ar rannpháirtithe maidir leis an sult a bhain siad as an gcúrsa, cén leibhéal líofachta a bhí acu tar éis na bunscoile agus tar éis na meánscoile.

Cumas sa Ghaeilge tar éis na Bunscoile

- Ar an iomlán dúirt 15% gur mhothaigh siad go raibh siad líofa sa Ghaeilge tar éis na bunscoile
- Shíl 22% go raibh siad réasúnta líofa
- Bhí 48% in ann cúpla abairt a chur le chéile
- Ní raibh aon líofacht ar bith ag 15% de na freagróirí



Scoileanna lán-Bhéarla

As na freagróirí a d'fhreastail ar scoil lán-Bhéarla, shíl 2% go raibh siad líofa sa Ghaeilge tar éis na bunscoile, mhothaigh 20% go raibh siad réasúnta líofa, bhí 59% in ann cúpla abairt a chur le chéile agus dúirt 19% nach raibh aon líofacht acu sa teanga.

Gaelscoileanna lasmuigh den Ghaeltacht


Ó thaobh Gaelscolaíochta de, bhí 56% de na freagróirí líofa sa Ghaeilge nuair a d'fhág siad an bhunscoil agus mheas 32% go raibh siad réasúnta líofa. Ní raibh ach 11% a dúirt go raibh siad in ann cúpla abairt a chur le chéile, agus 1% a dúirt nach raibh aon líofacht acu sa Ghaeilge tar éis na bunscoile.

Scoileanna lán-Ghaeilge sa Ghaeltacht

Maidir le daoine a d'fhreastail ar scoileanna Gaeltachta, dúirt 76% go raibh siad líofa sa teanga nuair a d'fhág siad an bhunscoil agus bhí 20% réasúnta líofa. Ní dúirt ach 3% go raibh siad in ann cúpla abairt a chur le chéile, agus 2% a dúirt nach raibh aon líofacht acu sa teanga i ndiaidh na scoile.

Cumas sa teanga tar éis na hArdteiste

- As na freagróirí ar fad, shíl 21% go raibh siad líofa sa Ghaeilge tar éis na meánscoile.
- Mheas 41% go raibh siad réasúnta líofa
- Bhí 30% in ann cúpla abairt a chur le chéile
- Ní raibh líofacht ar bith ag 7% sa teanga tar éis na hArdteiste
- Bhí 2% fós le tabhairt faoin Ardteist ag an am gur fhreagair siad an suirbhé.



Scoileanna lán-Bhéarla

As na freagróirí a d'fhreastail ar scoil lán-Bhéarla, shíl 8% go raibh siad líofa sa Ghaeilge tar éis na hArdteiste mhothaigh 45% go raibh siad réasúnta líofa, bhí 37% in ann cúpla abairt a chur le chéile agus dúirt 8% nach raibh aon líofacht acu sa teanga. Bhí an Ardteist fós le déanamh ag 2% de na freagróirí.

Gaelscoileanna lasmuigh den Ghaeltacht

Ó thaobh Gaelscolaíochta de, bhí 66% de na freagróirí líofa sa Ghaeilge nuair a d'fhág siad an mheánscoil agus mheas 27% go raibh siad réasúnta líofa. Ní raibh ach 5% a dúirt go raibh siad in ann cúpla abairt a chur le chéile, agus 1% a dúirt nach raibh aon líofacht acu sa Ghaeilge tar éis na meánscoile. Bhí an Ardteist fós le déanamh ag 1% de rannpháirtithe.

Scoileanna lán-Ghaeilge sa Ghaeltacht

Maidir le daoine a d'fhreastail ar scoileanna Gaeltachta, dúirt 77% go raibh siad líofa sa teanga nuair a d'fhág siad an mheánscoil agus bhí 18% réasúnta líofa. Ní dúirt ach 5% go raibh siad in ann cúpla abairt a chur le chéile. Ní raibh aon duine de na freagróirí gan líofacht éigin sa teanga tar éis na hArdteiste.


Na Siollabais

Cuireadh ceist ar na rannpháirtithe maidir leis na siollabais Ghaeilge sa mheánscoil agus na nithe ba mhó ar cuireadh béim orthu.

- D'fhreagair 9% de dhaoine gur ar labhairt na teanga a dhírigh na siollabais don chuid is mó.
- Chreid 81% gur cuireadh an bhéim ba mhó ar scríobh na teanga agus cúrsaí litríochta.
- Shíl 11% gur díríodh ar thuiscint na teanga ó thaobh léimh agus éisteachta de.

Tuiscint na teanga (léamhtuiscintí, cluasthuiscintí)

10%



Scríobh na teanga (filíocht, aistí, scéalta)

81%

Scoileanna lán-Bhéarla

As na freagróirí a d'fhreastail ar scoil lán-Bhéarla, dúirt 9% gur dhírigh na siollabais ar an teanga labhartha go príomha, 80% a dúirt go raibh an bhéim ar an scríbhneoireacht agus litríocht, agus 11% a dúirt gur díríodh ar chumas na ndaltaí an teanga a thuiscint


Gaelscoileanna lasmuigh den Ghaeltacht

Chreid 6% de dhaltaí a d'fhreastail ar Ghaelscoil gur cuireadh béim shuntasach ar labhairt na teanga sna siollabais, shíl 84% gur dhírigh siad ar an teanga scríofa, agus 10% ar thuiscint na teanga.

Scoil lán-Ghaeilge sa Ghaeltacht

As na freagróirí ó scoil lán-Ghaeilge sa Ghaeltacht, dúirt 7% gur dhírigh na siollabais ar an teanga labhartha, mheas 86% gur ar an teanga scríofa agus ar an litríocht a dhírigh na siollabais agus bhí 6% den tuairim gur leagadh béim ar thuiscint na teanga.

Maidir leis an sult a bhain daoine as an gcúrsa, dúirt 28% nár bhain siad aon sult as an gcúrsa Gaeilge, 60% gur bhain siad sult as roinnt gnéithe den chúrsa agus 12% gur bhain siad sult as an gcúrsa ina iomlán



Iarradh ar rannpháirtithe tuairimí a léiriú maidir leis na gnéithe den chúrsa Gaeilge ba thaitneamhaí dóibh ag leibhéal na hArdteiste agus ar chabhraigh sé leo cumas a bhaint amach sa teanga:

‘Bhain mé sult as na comhrá oscailte as Gaeilge a bhí againn. Bhí na léamh thuiscint cuíosach gan a bheith iontach. Bhí fuath liom na dán agus na prós a stádair, ní raibh siad athshlánaithe.’

‘Thaitin na gnéithe maidir leis an mbéaltriail liom, nuair a bhí comhrá nó díospóireacht ar siúl sa seomra ranga. Níor thuig mé na rialacha gramadaí ar chor ar bith, áfach, agus ba bhreá liom dá mbeadh níos mó béime a chur ar na rialacha, mar shampla an tuiséal ginideach agus inscne an ainmfhocail, b'fhéidir go mbeadh sé níos fearr cúpla ranganna trí Bhéarla a fháil a bheith cinnte go dtuigeann gach duine cad tá i gceist, in áit tumadh an t-am ar fad.’

‘Don Ardteist tar éis dom cumas Ghaeilge a bhaint amach tríd fhreastal ar chursaí samhraidh, bhain mé taitneamh as chuid den chúrsa ach roimhe sin bhí sé ar fad ró-téibí agus deacair dom.’

‘Bhain mé taitneamh as an mbéaltriail agus an fhoghlaim a bhain leis. Ba chóir tuilleadh béime a chur ar an gcomhrá seachas ar fhoghlaim na ndánta agus ar scríobh aistí. Bhain mé taitneamh as na cluastuiscintí mar go bhfuil sé tábhachtach a bheith in ann éisteacht leis na canúintí eile agus iad a thuiscint.’

‘Bhí an cúrsa rófhada, bíonn ar na múinteoirí an t-ábhar uilig a chlúdach roimh na scrúduithe, seachas béim a chur ar fhoghlaim na teanga.’

Iarradh ar fhreagróirí moltaí a thabhairt ar na bealaí gur féidir feabhas a chur ar na siollabais Ghaeilge, le go mbéidís níos éifeachtaí ó thaobh cainteoirí cumasacha Gaeilge a thiomsú:

‘Tá gá dúinn níos mó béim a chur ar an teanga labhartha, mar shampla, an Gaeilge a chleachtadh gach lá. Ceapaim go bhfuil sé an-tábhachtach mar is féidir na daltaí an teanga a úsáid in áiteanna eile, agus bheadh níos mó suim acu sa teanga.’


‘B’fhearr an béaltriail agus cúrsaí labhartha go mór liom. Rinne mé an Ardteist i 2012, an bliain ina tháinig athrú mór ar an gcúrsa agus ina gcuireadh béim níos láidre ar labhairt na teanga. Creidim gur céim sa threo ceart a bhí ann.’

‘Sílím go mbeadh córas dhá sruth níos fearr. Is í an Ghaeilge teanga an tír seo, agus ba chóir go mbeadh gach duine a fhreastalaíonn ar scoil anseo in ann í a labhairt! Ach níl aon chiall le litríocht/filíocht a mhúineadh dóibh siúd nach bhfuil suim acu ina leithéid. Ar an mbunscoil, dar liom ba chóir ábhair éagsúla cosúil le ealaín, spóirt nó ceoil a mhúineadh trí mheán na Gaeilge.’

An Ghaeilge mar Ábhar Riachtanach

Cuireadh ceist ar na freagróirí faoi sheasamh na Gaeilge mar ábhar riachtanach sa scoil,

- Shíl 67% gur cheart go bhfanfaidh sé mar ábhar riachtanach sa bhunscoil agus sa mheánscoil,
- Mhothaigh 26% gur cheart go mbeadh sé roghnach don Ardteist amháin agus riachtanach roimhe sin
- Cheap 7% gur cheart go mbeadh sé roghnach an bealach ar fad tríd an córas oideachais



Scoileanna lán-Bhéarla

As na freagróirí a d'fhreastail ar Scoileanna lán-Bhéarla chreid beagnach dhá thrian (63%) gur cheart go mbeadh an Ghaeilge mar ábhar riachtanach ar scoil, shíl beagnach trian (29%) gur cheart go mbeadh sí riachtanach suas go leibhéal an Teastais Shóisearaigh amháin agus chreid 8% nár cheart go mbeadh an t-ábhar riachtanach ar chor ar bith.

Gaelscoileanna lasmuigh den Ghaeltacht

Shíl 80% de na freagróirí a d'fhreastail ar ghaelscoileanna lasmuigh den Ghaeltacht gur cheart go mbeadh an Ghaeilge ina hábhar riachtanach an bealach ar fad tríd an córas oideachais. Mhothaigh 16% gur cheart go mbeadh sí roghnach tar éis an Teastais Shóisearaigh, agus níor shíl ach 4% gur cheart go mbeadh sí roghnach ar fad.

Scoileanna lán-Ghaeilge sa Ghaeltacht


Síleann 88% de rannpháirithe a d'fhreastail ar scoil lán-Ghaeilge sa Ghaeltacht gur cheart go mbeadh an Ghaeilge mar ábhar riachtanach ar fad, cheap 8% gur cheart go mbeadh sí riachtanach go dtí leibhéal an Teastais Shóisearaigh amháin agus níor shíl ach 5% gur cheart go mbeadh sí roghnach ar fad.

Gaelscoileanna

Sa chuid seo den tuairisc déantar measúnú ar thuairim na rannpháirtithe maidir leis an nGaeloideachas agus an tionchar a imríonn siad ar phobal na Gaeilge.

Tuairim ginéarála maidir le Gaelscoileanna:

Bhí tuairim dearfach ag 72% de rannpháirtithe ar fad maidir le Gaelscoileanna, bhí tuairim diúltach ag 6% agus ní raibh aon tuairim ag 22% de rannpháirtithe maidir leo.



Scoileanna lán-Bhéarla

As na daoine a d'fhreastail ar scoil lán-Bhéarla bhí dearcadh dearfach ag 67%, bhí tuairim diúltach ag 7% agus ní raibh tuairim ar bith ag 6% maidir le Gaelscoileanna.

Gaelscoileanna lasmuigh den Ghaeltacht

As na daoine a d'fhreastail ar scoil lán-Ghaeilge lasmuigh den Ghaeltacht, bhí taithí dearfach ag 94, bhí tuairim diúltach ag 1% agus ní raibh aon tuairim ag 5%.


Scoileanna lán-Ghaeilge sa Ghaeltacht

Dúirt 90% de na freagróirí a bhí ar scoil Gaeltachta go raibh tuairim dearfach acu maidir le scoileanna lán-Ghaeilge. Ní dúirt ach 5% go raibh drochthuairim acu agus ní raibh tuairim ar bith ag 6% maidir leis an nGaelscolaíocht.

Tionchar na nGaelscoileanna ar phobal na Gaeilge


Cuireadh ceist ar rannpháirtithe faoina gcuid tuairimí ar an tionchar atá ag córas na Gaelscolaíochta ar phobal na Gaeilge agus an teanga féin.

Mhóthaigh 91% go gcuireann Gaelscoileanna le teanga agus pobal na Gaeilge. Dúirt 9% nach gcuireann siad leis an bpobal nó leis an teanga féin.



Cainteoirí cumasacha a chruthú

Cuireadh ceist ar rannpháirtithe maidir le héifeacht na Gaelscolaíochta cainteoirí cumasacha Gaeilge a chruthú. Shíl 86% go bhfuil Gaelscoileanna go maith ag cruthú cainteoirí cumasacha Gaeilge agus shíl 14% nach n-éiríonn leo iad a chruthú.




As na daoine a d'fhreastail ar Ghaelscoil iad féin shíl 93% go n-éiríonn leo cainteoirí cumasach a chruthú, agus níor shíl ach 7% nach n-éiríonn leo an méid sin a dhéanamh.

Gaelscoileanna sa toadhcháí

Nuair a cuireadh ceist ar rannpháirtithe faoina gcuid páistí a chur chuig Gaelscoil dá mbeadh clann acu, dúirt 77% go gcuirfidís a gcuid páistí chuig Gaelscoil sa toadhcháí. Dúirt 23% nach ndéanfaidís sin.

As na freagróirí a d'fhreastail ar Ghaelscoil iad féin dúirt 98% go cuirfidís a gcuid bpáistí chuig Gaelscoil dá mbeadh clann acu sa toadhcháí.



ANAILÍS AGUS MOLTAÍ

Is léir ón taighde seo go bhfuil géarghá le hathbhreithniú a dhéanamh ar an nGaeilge sa chóras oideachais, go háirithe maidir le labhairt na teanga agus cumas cumarsáide na ndaltaí.

- Feictear go bhfuil ardú ar líon na bhfreagróirí a dúirt go raibh siad líofa nó réasúnta líofa sa Ghaeilge faoi dheireadh na meánscoile, i gcomparáid leis an mbunscoil. Meastar go bhfuil an-tionchar ar na coláistí samhraidh, agus ar an méid ama a chaitear ar an nGaeilge ar scoil ar an ardú suntasach seo.
- Is léir go bhfuil roinnt de na freagróirí báuil don teanga agus fórmhór den tuairim gur cheart an Ghaeilge a bheith mar ábhar riachtanach ón mbunscoil go dtí an Ardteist.
- Feictear gur bhain na freagróirí a d'fhreastáil ar scoileanna lán-Ghaeilge sult níos mó as an nGaeilge mar ábhar scoile. Ní haon údar iontais é go mbaineann daltaí a raibh an Ghaeilge mar theanga bheo sa seomra ranga acu, níos mó taitnimh as an gcúrsa, ná daltaí a raibh an Béarla mar phríomhteanga na scoile acu.

De réir na dtorthaí atá luaite thuas, tá roinnt moltaí ag AMLÉ maidir leis an nGaeilge sa chóras oideachais, go háirithe ag leibhéal na hArdteiste. Moltar:

- Go gcruthófar polasaí cuimsitheach don Ghaeilge sa chóras oideachais ón réamhscoil go dtí an tríú leibhéal, bunaithe ar an bPolasaí Oideachas Gaeltachta. Is tábhachtach go mbeadh aistear soiléir foghlama roimh daltaí, tuismitheoirí agus múinteoirí chun go mbeadh ardchumas cumarsáide ag daltaí faoin am go bhfágann siad an scoil.
- Go gcuirfí níos mó béime ar an teanga labhartha mar chuid den chúraclaim leis an 'foghlaim de ghlanmheabhair' a sheachaint.
- Go leagfaí béim ar leith ar an nGaeilge mar theanga bheo lasmuigh den chóras oideachais, go háirithe ag leibhéal na bunscoile.
- Go bhfreastlófar ar an éileamh ar an nGaelscolaíocht ag leibhéal na bunscoile agus na meánscoile